ga

TREORACHA ÚSÁIDTE
TREALAMH COSANTA PEARSANTA (T.C.P.)

Léigh na treoracha seo go cúramach sula n-úsáideann tú na héadaí seo. Faigh comhairle ó d´innealtóir nó bainisteoir sábháilteachta maidir leis na héadaí oiriúnacha do do shuíomh sonrach oibre. Coimeád na treoracha seo go cúramach sa tslí gur féidir leat féachaint orthu cibé uair is mian leat.

Dearbhú comhréireachta don T.C.P. seo agus treoracha níos cuimsithí le haghaidh úsáide: féach http://sio.to/eudoc.

CE

Comhlíonann an mír seo bunriachtanais *an Rialacháin Eorpaigh 2016/425* faoi threalamh cosanta pearsanta (T.C.P.) bunaithe ar chaighdeán/ chaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha; **gheobhaidh tú picteagraim agus aicmí cosanta comhfhreagracha ar an lipéad atá fuaite isteach sa bhall éadaigh seo.**

Seachas éadaí nach bhfuil lipéadaithe ach *EN 343* agus/nó *EN 14058* agus/nó *EN 13758-2* (agus atá clúdaithe ag féindeimhniú, le heisceacht Rct > 0.25 m^2 K/W), deimhníodh ár gcuid T.C.P. ar fad eile atá clúdaithe ag an lámhleabhar seo ag **Centexbel, Technologiepark 70, B-9052 Zwijnaarde (an Bheilg) - NB 0493**. Má thaispeántar an uimhir seo 0493 ar thaobh na láimhe deise den phicteagram CE ar an lipéad atá fuaite isteach sa bhall éadaigh, ciallaíonn sé go mbaineann sé le catagóir III T.C.P., de dhearadh casta, a bhfuil mar aidhm aige an duine atá ag úsáid na n-éadaí a chosaint in aghaidh guaiseanna atá marfach nó ar féidir leo dochar tromchúiseach agus doleigheasta a dhéanamh don tsláinte, agus cuirtear monatóireacht ráthaithe chaighdeáin an phróisis déantúsaíochta i gcrích ag Centexbel.

Comhlíonann an T.C.P seo an Rialachán Ginearálta *EN ISO 13688:2013 / EN ISO 13688:2013+A1:2021*. Comhlíonann an T.C.P. Rialachán REACH agus níl aon substaintí le fáil ann a spreagann imoibrithe ailléirgeacha, go bhfios dúinn, nó atá carcanaigineach nó só-ghineach, go bhfios dúinn. Faoi mar atá fíor i gcás gach T.C.P., ní chosnaíonn an táirge seo tú ar gach riosca! Seiceáil do mheasúnú riosca sonrach.

Caithfear an T.C.P. seo in éineacht le T.C.P. eile freisin. (T.C.P. nach éadaí iad san áireamh). Seiceáil an chomhoiriúnacht agus an úsáid cheart agus seo á úsáid in éineacht le T.C.P. eile.. Léigh lámhleabhair T.C.P. eile chomh maith.

VIEUR0030

Maidir le cosaint in aghaidh fearthainne, fuachta, ceimiceán, dóiteáin, teasa, srl. is ríléir nach mbeidh tú cosanta ach ar chodanna an choirp atá clúdaithe ag an T.C.P. agus tú ag cur gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí i gcrích. Ós rud é gur féidir baill éagsúla éadaigh a chaitheamh in éineacht le chéile, ní mór duit cinntiú go bhfuil gach cuid den chorp clúdaithe leis na leibhéil chuí chosanta.

Ní cheadaítear athruithe a dhéanamh do na héadaí seo (gan údarú ó Sioen)! Do chosaint optamach agus chomhlíontach, ní mór duit gach fáiscín a dhúnadh.

Ná caith ball éadaigh damáistithe in am ar bith. Ní mór éirí as úsáid bhaill éadaigh dhamáistithe láithreach agus cé acu é a dheisiú nó ball éadaigh eile a chur ina áit. Tabhair fógra do do bhainisteoir ar an toirt. Agus ´a ré caite´, ní mór an ball éadaigh seo a bhailiú, a bhaint agus a phróiseáil i gcoinníollacha rialaithe (seirbhís ghairmiúil bhailiúcháin le haghaidh athchúrsála meicniúla nó teirmí, srl.) in áis speisialaithe. Níl aon dualgas ná freagracht ar Sioen as an T.C.P. a thabhairt ar ais lena dhiúscairt go sábháilte.

Molaimid cúram gairmiúil (via neachtlann in-tí nó sheachtrach). Tá treoracha sonracha cúraim do neachtlanna tráchtála ar fáil ó Sioen ar iarratas nó ar shuíomh gréasáin Sioen http://sio.to/eudoc. Tá treoracha cúraim do níochán baile (ar féidir é a dhéanamh ag neachtlann tráchtála freisin!) le feiceáil ar an lipéad agus iad fuaite sa bhall éadaigh.

Gheobhaidh tú míniú níos mionsonraithe ar na siombailí seo ar shuíomh gréasáin Sioen http://sio.to/eudoc.

Déan teagmháil le do dhéileálaí Sioen i ngach cás do níos mó eolais faoi threoracha cúraim, deisithe agus modhanna sábháilte scriosta.

Lipéad	**Soiléiriú**
UAS	Ciallaíonn an t-uaslíon (teoiriciúil) timthriall glantacháin go bhfuil tástáil deimhniúcháin le cur i gcrích tar éis x timthriall glantacháin.
	Dáta éaga nó dáta ‘ná húsáid ina dhiaidh seo’.
	Tástálacha deimhniúcháin a cuireadh i gcrích tar éis próisis níocháin tionsclaíoch (féach http://sio.to/eudoc).
	Is iad na luachanna atá iontráilte in A, B, C ná na toisí comhfhreagracha colainne (i cm) dá bhfuil an ball éadaigh seo oiriúnach. Gheobhaidh tú na cláir éagsúla shocraithe méide ar ár suíomh gréasáin http://sio.to/eudoc. (A: Giorta coime - B: Giorta cliabhraigh - C: Fad)

Ná lig do do bhall éadaigh éirí róthruaillithe. **Is féidir le cosaint bheith laghdaithe mar gheall ar éadaí truaillithe.** Is féidir le ceimiceáin (a n-éifeacht fhadtéarmach san áireamh, mar gheall ar éadaí a bheith curtha ar leataobh agus iad truaillithe) airíonna cosanta na n-éadaí a lagú.

Agus tú ag piocadh suas do chuid éadaí seiceáil go bhfuil an méid ceart agat agus nach bhfuil aon dochar le feiceáil.

Mar riail ghinearálta, ba chóir baill éadaigh a roghnú ar bhealach gur féidir an obair a chur i gcrích go compordach agus gan bhac.

Inrianaitheacht déantúsaíochta
Taispeántar na sonraí riachtanacha ag bun an lipéid.

Treoracha stórála
Nuair nach bhfuil an ball éadaigh á chaitheamh agat, ba chóir duit é a stóráil go tirim agus neamhchomhbhrúite, i seomra dea-aeráilte. Seachain teochtaí foircneacha agus seachain solas gréine díreach chun athruithe datha a chosc. Ní ghlacfar le gearáin faoi athruithe sna dathanna.

Ní féidir freagracht a chur ar Sioen as damáiste a tharlaíonn de thoradh ar úsáid mhíchuí an T.C.P. ná as aon úsáid nach gcomhlíonann 100% na treoracha úsáidte atá leagtha amach thuas.

EN 343:2019
Cosaint in aghaidh na fearthainne

Éadaí cosanta le tagairt WR x, y, R

x nó y (Féach lipéad)	**x: Friotaíocht do threá uisce (m)**	**y: Friotaíocht do cheo uisce (Ret: m².Pa/W)**
Aicme 1	≥ 0.8	> 40
Aicme 2	≥ 0.8*	25 < Ret ≤ 40
Aicme 3	≥ 1.3*	15 < Ret ≤ 25
Aicme 4	≥ 2*	≤ 15

(*) Colún uisce, tástáilte ó thaobh fabraice de tar éis réamhchóireála.

R = Tástáil túir fhearthainne do bhaill éadaigh réamhdhéanta, roghnach ('x' curtha ina áit nuair nach ndearnadh tástáil air).

Le haghaidh éadaí le y: aicme 1 ní mór an moladh 'Am teoranta caite' a lua ar an lipéad. Is léiriú é an tábla thíos ar an am molta caite ag teochtaí difriúla. Is féidir an t-am caite a shíneadh trí úsáid, mar shampla, chróite aeraithe, srl.

Teocht timpeallachta oibre	25°C	20°C	15°C	10°C	5°C
Uastréimhse mholta lena chaitheamh go leanúnach	60 nóim	75 nóim	100 nóim	240 nóim	N/A

Tréscaoilteacht cheo uisce, meascán éadaí modúlacha ilsrathacha (m.sh. fo-éadaí le hairíonna a ionsúnn taise agus sloite, insliú teirmeach), cuireann fachtóirí eirgeanamaíocha (luí, méid, leaisteachas, srl.) le do chompord.

Nóta: Do chineál le muinchillí is féidir baint de, d'fhéadfaí uiscedhíonadh a laghdú ag leibhéal an zip don zipeáil na muinchillí.

EN 343:2003 +A1:2007
Cosaint in aghaidh na fearthainne

Éadaí cosanta le tagairt WR x, y

x nó y (Féach lipéad)	**x: Friotaíocht do threá uisce (m)**	**y: Friotaíocht do cheo uisce (Ret: m².Pa/W)**
Aicme 1	≥ 0.8	> 40
Aicme 2	≥ 0.8*	20 < Ret ≤ 40
Aicme 3	≥ 1.3*	≤ 20

(*) Colún uisce, tástáilte ó thaobh fabraice de tar éis réamhchóireála.

Le haghaidh éadaí le y: aicme 1 ní mór an moladh 'Am teoranta caite' a lua ar an lipéad. Is léiriú é an tábla thíos ar an am molta caite ag teochtaí difriúla. Is féidir an t-am caite a shíneadh trí úsáid, mar shampla, chróite aeraithe, srl.

Teocht timpeallachta oibre	25°C	20°C	15°C	10°C	5°C
Uastréimhse mholta lena chaitheamh go leanúnach	60 nóim	75 nóim	100 nóim	240 nóim	N/A

Tréscaoilteacht cheo uisce, meascán éadaí modúlacha ilsrathacha (m.sh. fo-éadaí le hairíonna a ionsúnn taise agus sloite, insliú teirmeach), cuireann fachtóirí eirgeanamaíocha (luí, méid, leaisteachas, srl.) le do chompord.

Nóta: Do chineál le muinchillí is féidir baint de, d'fhéadfaí uiscedhíonadh a laghdú ag leibhéal an zip don zipeáil na muinchillí.

Éadaí séasúracha cosanta – Cosaint in aghaidh uisce

Léiríonn an picteagram seo **gan** aon tagairt do chaighdeán *EN 343* éadaí séasúracha cosanta (féindeimhniú) le bunchosaint in aghaidh fearthainne éadroime agus ceobhráin le huamanna nach gá go ndéanfaí uiscedhíonach é.

EN ISO 20471:2013 +A1:2016

Fágann na héadaí seo go mbeidh an t-úsáideoir feiceálach mar a bhfuil infheictheacht go dona i suíomhanna ardriosca

Léiríonn meascán de bhunábhar fluaraiseach le stríoca ais-fhrithchaiteacha do láithreacht le solas an lae nó sa dorchadas (sa solas a thagann ó cheannsoilse) faoi seach.

Éadaí cosanta le tagairt HRVx

x (Féach an lipéad)	**Fluaraiseach (m²)**	**Ais-fhrithchaiteach (m²)**
Aicme 1	≥ 0.14	≥ 0.10
Aicme 2	≥ 0.50	≥ 0.13
Aicme 3	≥ 0.80	≥ 0.20

Ní mór go mbeadh an ball éadaigh lándúnta agus ní féidir leis bheith clúdaithe chun infheictheacht a chinntiú.

Tá infheictheacht ag brath ar úsáid (m.sh. truailliú, srl.) cúram (deisithe, glantachán, srl.) agus stóráil (le bheith stóráilte, más féidir, i dtimpeallacht dhorcha). Taispeántar an t-uaslíon incheadaithe timthriall cúraim ar an lipéad mar 'Max xx' (is léiriú é seo ar líon na dtimthriall níocháin ar cuireadh deimhniúchán i gcrích ina ndiaidh), ach ní hé seo an t-aon fhachtóir a chinnteoidh tréimhse saoil an bhaill éadaigh. Beidh an tréimhse shaoil ag brath freisin ar úsáid, ar stóráil, ar choinníollacha stórála, srl. Comhairlítear duit bheith cúramach agus tú á ní seo le baill éadaigh eile a bhfuil dath dorcha orthu (baol ann go smálófar na dathanna). Tar éis nochtaithe don solas, is féidir go mbeidh an dath i réimse difriúil datha ón mbundath; beidh an dath fós, áfach, ag comhlíonadh *EN ISO 20471*.

Do T.C.P. le muinchillí inbhainte is féidir go mbeidh (beidh) a aicme níos ísle agus na muinchillí dízipeáilte (féach an lipéad). Ní mór ball éadaigh </833><835*EN ISO 20471* Aicme 3 a mheascadh le ball éadaigh a bhfuil muinchillí fada agus/nó cosa bríste fada le 2 stiall aisfhrithchaiteacha 5 cm ar leithead agus íosmhéid 5 cm fluaraiseachta thart ar na muinchillí agus/nó na cosa bríste ar fad faoi seach.

EN ISO 20471 – Seachas § 5.6

Solathraíonn an t-éadach seo cosaint in aghaidh fe-iceálacht neamhthábhachtach trí hábhair feiceálach de réir EN ISO 20471:2013+ A1:2016, ach amháin §5.6. - Comhlíonadh fiseolaíoch – Gal uisce agus frithsheasmhacht teirmeach. Tá am caitheamh srianta ag an mball éadaigh seo.

Ní ghéilleann an ball éadaigh seo leis an gclásal 5.6 den chaighdeán *EN ISO 20471:2013+A1:2016*, a chomhlíonann an comhlíonadh íosta le comhlíonadh fiseolaíoch mar ghal uisce agus frithsheasmhacht teirmeach. Mar sin, tá am caitheamh srianta ag an mball éadaigh seo. Tá moladh curtha leis an éadach: “ám caitheamh srianta”. Is treoir í an chéad tábla eile chun éifeácht an tréscaoilteacht gal uisce ar caitheamh leanúnach an éadaigh i dteochtaí chomhthimpeallach difriúla.

Teocht an timpeallacht oibre (°C)	25	20	15	10	5
Am uasta mholta don chaitheamh leanúnach (nóim.)	60	75	100	240	NO

Éadaí séasúracha cosanta – cosaint theirmeach

Léiríonn an picteagram seo gan aon tagairt do chaighdeán *EN 14058* éadaí séasúracha cosanta (féindeimhniú) le bunlíneáil theirmeach atá le húsáid i dtimpeallacht le taise agus gaothfhuarú (d´fhuacht séimh, teochtaí os cionn -5°C).

EN 14058:2017

Cosaint in aghaidh timpeallachtaí fionnuara (meascán indéanta bogthaise agus gaoithe ag teochtaí nach ísle iad ná -5°C)

Éadaí cosanta le tagairt LC a, b, c, d

a Friotaíocht theirmeach Rct tomhaiste ar mheascán fabraice: aicme 1 go 4. (féach an lipéad)
b Roghnach: aicme tréscaoilteachta aeir: aicmí 1 go 3. (féach an lipéad)
c Roghnach do a = 1, 2 nó 3: luach inslithe iarmhartach éifeachtach teirmeach I_{cler} (in m^2.K/W), tomhaiste go dinimiciúil ar éadaí measctha le cód mír cineál R le haghaidh fo-éadaí (féach an lipéad don luach).
d Roghnach: friotaíocht ar threá uisce > colún uisce 0.8 m.

Ciallaíonn ´X´ ar an lipéad nach ndearnadh tástáil ar an airí roghnach seo.

	a: Rct (m² K/W)	b: Tréscaoilteacht aeir AP (mm/s)
Aicme 1	0.06 ≤ Rct < 0.12	100 > AP
Aicme 2	0.12 ≤ Rct < 0.18	5 < AP ≤ 100
Aicme 3	0.18 ≤ Rct < 0.25	AP ≤ 5
Aicme 4	0.25 ≤ Rct	/

Don réimse beartaithe úsáide aicmí 1 go 4 san áireamh, féach na cláir ar shuíomh gréasáin Sioen: http://sio.to/eudoc

Is féidir le hinsliú teirmeach dul i laghad tar éis níocháin nó mar gheall ar chomhbhrú. Ní chosnaíonn an ball éadaigh seo ach na codanna sin den chorp atá clúdaithe ag an mball éadaigh. Do chosaint iomlán, ní mór an corp iomlán, sciatháin agus cosa san áireamh, a chlúdach. Ní sholáthraíonn casóg chliabhraigh nó bástchóta ach cosaint fhorlíontach.

EN 342:2017
Cosaint in aghaidh timpeallachtaí fuara (meascán indéanta bogthaise agus gaoithe ag teochtaí atá faoi bhun -5°C)

Éadaí cosanta le tagairt DF

a Insliú iarmhartach éifeachtach teirmeach I_{cler} (in m².K/W), tomhaiste go dinimiciúil ar éadaí measctha le cód míre fho-éadaí cineál B. (nó de rogha air sin fo-éadaí cineál C nó R, féach an lipéad don luach)
b Tréscaoilteacht aeir: aicmí 1 go 3 (féach an lipéad)
c Roghnach: Ciallaíon WP ´Friotaíocht in aghaidh treá uisce´ > 0.8 m colún uisce.

Ciallaíonn ´X´ ar an lipéad nach ndearnadh tástáil ar an airí roghnach seo.

	b: Tréscaoilteacht aeir AP (mm/s)	Feidhm: luas aeir
Aicme 1	100 < AP	< 1 m/s laistigh
Aicme 2	5 < AP ≤ 100	< 5 m/s
Aicme 3	AP ≤ 5	≥ 5 m/s, tipiciúil don taobh amuigh

Aimsíonn tú an luach I_{cler} (in m².K/W), ar féidir leat é a léamh ón lipéad, sa cholún ar clé sa chlár thíos. Sa ró comhfhreagrach ar thaobh na láimhe deise gheobhaidh tú léiriú den íosteocht in °C (ceartaithe do ghaothfhuarú) do leibhéil éagsúla ghníomhaíochta agus luasanna aeir ar féidir go mbeadh duine nochtaithe dóibh ar feadh 1 nó 8 n-uair an chloig (a fhad is go gcaitear é leis na fo-éadaí comhfhreagracha). Ba chóir ró-insliú agus allas a sheachaint freisin. Chun tairbhe a bhaint as cosaint optamach i do shuíomh oibre sonrach, ní mór é a mheascadh le sosanna leormhaithe i seomra téite, arbh fhearr an T.C.P. seo a bhaint (go páirteach) nó a oscailt lena linn.

	Caiteoir: Ina sheasamh			
Insliú	**Gníomhaíocht éadrom, 75 W/m²**			
	Luas aeir			
	0.4 m/s		**3 m/s**	
	8 u	1 u	8 u	1 u
0.265 m².K/W	13	0	19	7
0.310 m².K/W	10	-4	17	3
0.390 m².K/W	5	-12	13	-3
0.470 m².K/W	0	-20	7	-9
0.540 m².K/W	-5	-26	4	-14
0.620 m².K/W	-10	-32	0	-20

	Caiteoir: ag gluaiseacht							
Insliú	**Gníomhaíocht éadrom, 115 W/m²**				**Gníomhaíocht mheasartha, 170 W/m²**			
	Luas aeir				**Luas aeir**			
	0.4 m/s		**3 m/s**		**0.4 m/s**		**3 m/s**	
	8 u	1 u	8 u	1 u	8 u	1 u	8 u	1 u
0.265 m².K/W	3	-12	9	-3	-12	-28	-2	-16
0.310 m².K/W	-2	-18	6	-8	-18	-36	-7	-22
0.390 m².K/W	-9	-28	0	-16	-29	-49	-16	-33
0.470 m².K/W	-17	-38	-6	-24	-40	-60	-24	-43
0.540 m².K/W	-24	-45	-11	-30	-49	-71	-32	-52
0.620 m².K/W	-31	-55	-17	-38	-60	-84	-40	-61

Is féidir go mbeidh sé riachtanach bearta breise a chur i bhfeidhm d´iarratais faoi bhun -50°C (cosaint riospráide, cosaint chraicinn, srl.)!

Is féidir le hinsliú teirmeach dul i laghad mar gheall ar níochán nó comhbhrú. Ní mór seaicéad, bríste agus húda reoiteora móide fo-éadaí comhfhreagracha a chaitheamh le chéile i gcónaí chun freastal a dhéanamh ar na sonraíochtaí thuasluaite.

Eolas: fo-éadaí cineál B: T-léine le muinchillí fada, fobhríste fada, stocaí, slipéir fheilte, cóta teirmeach, bríste teirmeach, lámhainní cniotáilte agus balacláva leis an T.C.P. seo mar an tsraith taobh amuigh. Is féidir eolas sonrach a fháil faoi fho-éadaí cineál C ar shuíomh gréasáin Sioen: http://sio.to/eudoc.

EN 510
Riosca tranglaim le páirteacha gluaisteacha

Éadaí cosanta le cód míre RO
Éadaí cosanta a laghdaíonn an riosca tranglaim le hinnealra gluaisteach – nó codanna de – do chaiteoirí a oibríonn in aice le hinnealra nó trealamh le codanna guaiseacha gluaisteacha.

Le culaith 2 phíosa T.C.P., ní mór an dá phíosa a chaitheamh le chéile, agus ní mór nach mbeadh aon bhearnaí ann idir an seaicéad agus an bríste mar gheall ar ghluaiseachtaí coirp. Ní mór na héadaí seo a chaitheamh sa mhéid gur féidir agus iad feistithe/in aice leis an gcorp agus iad a bheith go hiomlán dúnta.

Éadaí atá in inmhe láithreacht an úsáideora a chur in iúl go físiúil

Ní chomhlíonann na héadaí seo na riachtanais agus níl siad de réir *EN ISO 20471*.

EN 17353:2020
Déantar an éadach seo an úsáideoir feicealách nuair atá feiceáileacht go dona i gcásanna meánbaoil



Is do chásanna meánbaoil an éadach seo a braitheann ar an anailís bainteach le tásc baoil: luasanna tráchta atá laghdaithe go súntasach (≤ 60 cm/su do dhaoine gníomhach an bhóthair nó ≤ 15 cm/su do dhaoine éighníomhach ar an mbóthar) agus/nó dlús trácht laghdaithe. Ní do chásanna ardbhaoil atá i *EN ISO 20471* é.

Léiríonn láithreacht ábhar bhonn fluaraiseach agus/nó stiallacha reitreofrithchaiteacha do láithreacht i solas an lae nó so dorchadas (i solas ceannsoilse) ar aon.

Éadach cosantach le thagairt MRVx

X (Breathnaigh ar an lipéad)	Cineál	Frithchaiteach (m^2)	Reitreofrithchaiteach (m^2)	Ábhar cónascaithe (m^2)
Sórt B2	Coinníollacha dorcha - géaga	/	≥ 0.018	/
Sórt B3	Coinníollacha dorcha – ar chabhail nó ar chabhail agus géaga	/	≥ 0.08*	/

Sórt A	Solas an lae	≥ 0.24*	/	/
Sórt AB	Solas an lae, clapsholas agus coinníollacha dorcha	≥ 0.24*	≥ 0.08*	≥ 0.24*

(*) D'airde > 140 cm

Is gá leis an mball éadach seo a bheith lán-dúnta agus ná clúdaigh é chun léargas a chinnntiú.

Braitheann léargas ar úsáid (m.sh salachar srl.), cúram (deisiúcháin, glantachán, srl.) agus stóráil (is fearr a stóráil i dtimpeallacht dhorcha). Léirítear an líon is mó seal níocháin ar an lipéad mar "Max xx" (is comhartha é líon sealta níocháin ai ndiaidh a ndéantar deimhniu air) ach ní hé sin an t-aon gné amháin a shocraíonn tréimhse saoil an bhaill éadaigh. Braitheann an tréimhse saoil ar úsáid, cúram, coinníollacha stórala srl. freisin. Moltar aire nuair a nítear le chéile le bhaill éadaigh dorcha eile (baol smál datha) Nígh le dathanna mar iad. D'fhéadfaí athruithe don tháirge mar clóbhualadh lógó na háiteanna íosta agus comhlíonadh an tháirge a chur i ndeacair Tar éis nochtadh do sholas, is féidir leis an dáth a thit in áit difriúla den bhunchóip, ach cloínn an dath fós le *EN 17353*.

SIOEN

Déantúsóir:
Sioen nv, Fabriekstraat 23, B-8850 Ardooie, an Bheilg
T: +32 (0)51 740 800 • www.sioen.com